# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2014

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

## AGUS

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna freagraí a bhfuiltear ag súil leo.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2014
# SCÉIM MHARCÁLA

| ROINN 1 | 100 MARC | FREAGAIR 10 GCEIST |
|---|---|---|
| **CEIST** | **SCÉIM MHARCÁLA** | **IOMLÁN NA MARCANNA** |
| 1 | An 1ú téarma ceart 2m + 1m + 1m (4)<br>An 2ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 3ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3) | 10 |
| 2 | **Dhá** bhuntáiste @ 5m an ceann | 10 |
| 3 | Míniúchán 4 mharc (2m + 2m)<br>Dhá shampla @ 3 mharc an ceann | 10 |
| 4 | **Trí** chéim: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 5 | **Cúig** fhreagra 4m + 2m + 2m + 1m + 1m | 10 |
| 6 | Míniúchán 5m + 5m | 10 |
| 7 | Míniúchán 5m + 5m | 10 |
| 8 | **Cúig** fhreagra 4m + 2m + 2m + 1m + 1m | 10 |
| 9 | Ríomh Chomhardú na Trádála:<br>1,300 2 mharc<br>– 1,500 3 mharc<br>– 200 3 mharc<br>Easnamh 2 mharc | 10 |
| 10 | **Cúig** fhreagra 4m + 2m + 2m + 1m + 1m | 10 |
| 11 | **Dhá** mhíniúchán @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 12 | **Dhá** institiúid @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 13 | **Ceithre** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 14 | **Trí** chúis: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 15 | **Dhá** bhuntáiste @ 5m an ceann | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **100** |

# ROINN 2 – 300 MARC

# CUID 1

**ÍOSMHÉID: CEIST AMHÁIN (75 MARC)**
**UASMHÉID: DHÁ CHEIST (150 MARC)**

## CEIST 1

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007:<br>Téarmaí an Achta sáraithe agus 2 thagairt do Funky Fotos<br>10m (7+3) + 5m (4+1) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** ghníomhaíocht:<br>10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** chúis le díospóidí tionsclaíocha 10m + 3m + 2m | 15 |
| **(D)** | Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu:<br><u>Ceardchumann</u> 8 marc (6m + 2m)<br><u>Picéadú</u> 7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** fheidhm atá ag an LRC:<br>12 marc (10m + 2m)<br>3 mharc (2m + 1m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 2

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Míniúchán ar Earnáil Thánaisteach 10 marc (5m + 5m)<br>**Dhá** earnáil eile 3m + 2m | 15 |
| **(B)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le suíomh Glanbia:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le Glanbia a bheith in 14 thír:<br>8 marc<br>7 marc | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le CPT:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** dhúshlán d'earnáil ghnó na talmhaíochta:<br>10 marc (5m + 5m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 3

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Líneghraf:**<br>Teideal/ceannteideal 3 mharc<br>Lipéid 2 mharc (1m + 1m)<br>Pointí 10 marc (5 x 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le ráta CBL laghdaithe:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** bhealach a gcuidíonn an Rialtas le gnólachtaí:<br>2 x 10 marc (5m + 5m) | 20 |
| **(D)** | **Trí** cháin, seachas CBL @ 5 mharc an ceann | 15 |
| **(E)** | Míniúchán ar Phríobháidiú: 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# ROINN 2 – CUID 2

**ÍOSMHÉID: 2 CHEIST (150 MARC)**
**UASMHÉID: 3 CHEIST (225 MARC)**

## CEIST 4

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** thréith/scil fiontraíochta<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** fhoinse do smaointe gnó:<br>10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** fhoinse fhadtéarmacha i gcomhair maoinithe:<br>10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(D)** | Anailís LLDB:<br>4 théarma @ 3 mharc an ceann<br>Míniúchán amháin @ 3m | 15 |
| **(E)** | Míniúchán ar sheirbhís mheantóireachta BFC:<br>@ 15 mharc (12m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 5

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Míniúchán ar dhá stíl cheannaireachta:<br>Cineál 1 2 mharc<br>Míniúchán 6m (3m + 3m)<br>Cineál 2 2 mharc<br>Míniúchán 5m (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | Míniúchán ar bhaisctháirgeadh:<br>@ 15 mharc (8m + 7m) | 15 |
| **(C)** | (i) Mínigh an téarma 'rialú cáilíochta'<br>10 marc (5m + 5m)<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** chun feabhas a chur ar rialú cáilíochta.<br>10 marc (5m + 5m) | 20 |
| **(D)** | **Meamram:**<br>Chuig 1m<br>Ó 1m<br>Dáta 1m<br>Tagairt 1m<br>Ábhair: 4 m (Cruinniú, dáta, am, ionad – 4 @ 1m)<br>Síniú 1m<br>Teideal 1m | 10 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 6

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** chúis le gnó a leathnú:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | Mínigh **ceithre** théarma a bhfuil líne fúthu:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(C)** | Mínigh an difríocht idir oiliúint 'ar an láthair oibre' agus oiliúint 'lasmuigh den láthair oibre'.<br>2 @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(D)** | Liostaigh **dhá** mhodh chun folúntais do phoist a fhógairt:<br>2 @ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(E)** | Ríomh Pá Glan Bliantúil:<br>Figiúr **amháin** @ 2 mharc<br>**Sé** fhigiúr @ 3 mharc an ceann | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 7

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** chineál árachas tí:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** chúis le buiséad tí:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** thoisc nach mór a chur san áireamh sula dtógtar amach iasacht mheántéarmach:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | Mínigh **trí** ghné a bhaineann le Cuntas Reatha:<br>6 mharc (3m + 3m)<br>6 mharc (3m + 3m)<br>3 mharc (2m + 1m) | 15 |
| **(E)** | A teach féin agus an oifig a bhainistiú:<br>Cosúlacht: 10 marc (5m + 5m)<br>Difríocht 5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 8

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | (i) Liostaigh **dhá** mhodh chun Taighde Allamuigh a dhéanamh:<br>2 @ 5 mharc an ceann<br>(ii) Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** modh díobh.<br>2 @ 5 mharc an ceann | 20 |
| **(B)** | Mínigh an téarma 'cóimheá airgid a bhaint amach'.<br>10 marc (7m + 3m) | 10 |
| **(C)** | **Dhá** thoisc nach mór a chur san áireamh sula socraítear praghas:<br>10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** mhodh spreagtha díolachán:<br>10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le plean gnó:<br>12 mharc<br>3 mharc | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL
# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO – 2014

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 marc**

<table>
<tr><th>C.</th><th>Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>1.</td><td>Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?
<table>
<tr><td>BAD (HRM)</td><td>Bainistíocht (Bainisteoir) Acmhainní Daonna</td></tr>
<tr><td>PF (CEO)</td><td>Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin</td></tr>
<tr><td>TFC (ICT)</td><td>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide</td></tr>
</table></td><td>10m<br><br>4 + 3 + 3</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>Dhá bhuntáiste a bhaineann le hainm branda:
<ul>
<li>Is fusa an táirge a aithint</li>
<li>Difreálann sé an táirge ó tháirgeoirí iomaitheoirí</li>
<li>Cuidíonn sé le fógraíocht</li>
<li>Cruthaíonn sé dílseacht custaiméara (branda)</li>
<li>Is féidir praghsanna níos airde a bhaint amach ar an táirge</li>
<li>Bíonn sé níos éasca táirgí nua a sheoladh.</li>
</ul></td><td>10m<br><br>2 x 5m</td></tr>
<tr><td>3.</td><td>Mínigh an téarma ‘páirtí leasmhar’:<br><br>Is é is páirtí leasmhar aon duine nó aon ghrúpa daoine a bhfuil leas/baint acu le rith gnólachta nó a bhfuil tionchar díreach aige orthu.<br><br>Liostaigh dhá shampla de pháirtithe leasmhara i ngnóthas.<br><br>Fostaithe, fiontraithe, infheisteoirí, geallsealbhóirí, custaiméirí, soláthróirí, soláthraithe seirbhíse, pobal áitiúil, rialtas, cumainn thrádála.</td><td>10m<br><br>4m (2+2)<br><br>6m<br>(2 x 3m)</td></tr>
<tr><td>4.</td><td>Comhlánaigh na trí chéim de Shaolré Táirge atá ar iarraidh:
<table>
<tr><td>Cur i láthair</td><td>Fás</td><td>Aibíocht</td><td>Sáithiú</td><td>Meath</td></tr>
</table>
[Tabhair ar aird: Ní mór do na céimeanna bheith san ord ceart]</td><td>10m<br><br>4 + 3 + 3</td></tr>
<tr><td>5.</td><td>Cuir in iúl cé acu ag an gCATHAOIRLEACH nó ag an RÚNAÍ a bhíonn na feidhmeanna seo a leanas ag CGB.
<table>
<tr><td>1.</td><td>Tosaíonn agus críochnaíonn sé/sí an CGB.</td><td>Cathaoirleach</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>Léann sé/sí miontuairiscí an CGB deiridh.</td><td>Rúnaí</td></tr>
<tr><td>3.</td><td>Cinntíonn sé/sí go leantar an Clár Gnó.</td><td>Cathaoirleach</td></tr>
<tr><td>4.</td><td>Glacann sé/sí nótaí le linn an chruinnithe agus scríobhann na miontuairiscí tar éis an chruinnithe.</td><td>Rúnaí</td></tr>
<tr><td>5.</td><td>Bíonn an vóta réitigh aige/aici má bhíonn an vóta cothrom.</td><td>Cathaoirleach</td></tr>
</table></td><td>10m<br><br>4m + 2m<br>+ 2m +<br>1m + 1m</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **6.** | **Mínigh an téarma 'gnó eiticiúil'.**<br><br>Gnóthas eiticiúil is ea gnóthas a oibríonn ar bhealach féaráilte, cóir agus macánta ina phlé lena pháirtithe leasmhara ar fad. Bheadh a chód eitice féin aige ina leagfaí amach na prionsabail mhorálta a bhfuiltear ag súil leo ina theagmhálacha le fostaithe, le custaiméirí, leis an bpobal áitiúil agus leis an rialtas. | **10m**<br><br>5m + 5m |
| **7.** | ***Mínigh an téarma 'Sárú Conartha'.***<br><br>Is é atá i gceist le sárú conartha nár chomhlíon páirtí amháin leis an gconradh a c(h)uid den chonradh (sháraigh sé/sí coinníoll den chonradh) – tá an conradh neamhiomlán. Tig leis an bpáirtí eile sa chonradh agra a dhéanamh i gcomhair damáistí. | **10m**<br><br>5m + 5m |
| **8.** | **Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas:** | **10m**<br><br>4m + 2m + 2m + 1m + 1m |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Is é atá i gceist le slánaíocht go gcaithfidh tú gnóthú as earra a bheith ann agus caillteanas airgid a bheith ort má chailleann tú é. | BRÉAGACH |
| 2. | Is é is ualú ann ná táille bhreise ar an mbunphréimh mar thoradh ar riosca méadaithe . | FÍOR |
| 3. | Conradh is ea polasaí árachais. | FÍOR |
| 4. | Meon Lánmhaith: go gcaithfidh an t-árachaí a bheith fírinneach maidir le gach fíric ábhartha nuair a dhéantar iarratas ar árachas. | FÍOR |
| 5. | Ríomhann Measúnóir an phréimh a chaithfidh an t-árachaí a íoc. | BRÉAGACH |

| | | |
|---|---|---|
| **9.** | **(i) Ríomh Comhardú na Trádála:**<br><br>***COMHARDÚ NA TRÁDÁLA***<br>= €1,300m **(2)**<br>– €1,500m **(3)** [*caithfear lúide a thaispeáint*]<br>= – €200m **(3)** [*caithfear lúide a thaispeáint*]<br><br>**(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu barrachas nó easnamh é Comhardú na Trádála:** ✓ Easnamh **(2)** | **10m**<br><br>8m<br><br>2m |
| **10.** | **Meaitseáil an dá liosta a thugtar:** | **10m**<br><br>4m + 2m + 2m + 1m + 1m |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| F | D | E | C | B |

<table>
<tr>
<td>11.</td>
<td>Mínigh na céimeanna seo a leanas i bhforbairt táirge/seirbhíse nua:<br><br>
(i) Staidéar Indéantachta:<br>
Déantar staidéar indéantachta lena fháil amach an féidir an táirge a dhéanamh agus a thabhairt chun an mhargaidh. Sheiceálfaí ann:
<ul>
<li>Cumas an ghnóthais chun an táirge a dhéanamh</li>
<li>An bhfuil an t-airgead ag an gcuideachta chun an táirge a fhorbairt, a tháirgeadh agus a mhargú</li>
<li>An féidir é a tháirgeadh ag costas réasúnach agus i méideanna sách móra chun é a dhíol ag brabach.</li>
</ul>
(ii) Forbairt Fréamhshamhla:<br>
Táirgtear sampla bunaidh de tháirge nua a oibríonn agus tástáiltear é – cruthaíonn sé seo an féidir an táirge a dhéanamh agus aithnítear athruithe nó feabhsúcháin is gá a dhéanamh.</td>
<td>10m<br><br>5m<br>(3+2)<br><br>5m<br>(3+2)</td>
</tr>
<tr>
<td>12.</td>
<td>Liostaigh dhá institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).
<ul>
<li>Parlaimint na hEorpa</li>
<li>An Coimisiún Eorpach</li>
<li>Comhairle an AE (Comhairle na nAirí mar a bhí)</li>
<li>Cúirt Iniúchóirí na hEorpa</li>
<li>Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh</li>
<li>An Banc Ceannais Eorpach.</li>
</ul></td>
<td>10m<br><br>2 x 5m</td>
</tr>
<tr>
<td>13.</td>
<td>Comhlánaigh an tábla a leanas a thagraíonn don Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980:
<table>
<tr><th>Saincheist Tomhaltóra</th><th>Gan a bheith de mhianach inmhargaidh</th><th>Gan a bheith feiliúnach don chuspóir</th><th>Gan a bheith mar a tuairiscíodh</th><th>Gan a bheith ag meaitseáil an tsampla</th></tr>
<tr><td>Cóta uiscedhíonach a ligeann an t-uisce isteach.</td><td></td><td>✓</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Tá patrún éagsúil i gcuirtíní seachas an ceann a bhí le feiceáil sa sampla sa siopa.</td><td></td><td></td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>Fón dubh laistigh de bhosca a bhfuil fón airgid scríofa ar an lipéad atá air.</td><td></td><td></td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Tá dáileoir uisce i gcuisneoir ag sceitheadh.</td><td>✓</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table></td>
<td>10m<br><br>3<br><br>3<br><br>2<br><br>2</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **14.** | **Liostaigh trí chúis a measfaí dífhostú a bheith éagórach faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977/2007.**<br>• Ballraíocht de cheardchumann nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceardchumainn<br>• Creideamh / tuairimí reiligiúnacha nó polaitiúla<br>• Imeachtaí dlí in aghaidh fostóra i gcás inar páirtí nó finné é fostaí<br>• Cine nó dath craicinn<br>• Gnéaschlaonadh<br>• Aois<br>• Duine den Lucht Siúil<br>• Toircheas nó aon ní a bhaineann le toircheas nó breith<br>• Leas a bhaint as cearta faoi reachtaíocht ar shaoire mháithreachais, saoire uchtála, saoire chúramóirí, saoire thuismitheoireachta nó saoire force majeure<br>• Roghnú éagórach i leith iomarcaíochta. | **10m**<br><br>4m<br>+ 3m<br>+ 3m |
| **15.** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann gnóthas as fostaithe ard-spreagtha a bheith aige.**<br><br>• Oibríonn fostaithe níos déine agus eascraíonn táirgiúlacht mhéadaithe as sin<br>• Dílseacht foirne – fanann an fhoireann go fadtéarmach – láimhdeachas foirne íseal<br>• Ardmheanma – ní bhíonn an oiread céanna fadhbanna um chaidreamh tionsclaíoch ann<br>• Ionad oibre níos sona – atmaisféar dearfach – braistint ghnóthachtála<br>• An fhoireann sásta oiliúint a dhéanamh – cuidíonn scileanna feabhsaithe le gnó. | **10m**<br><br>2 x 5m |

# ROINN 2


## CUID 1

| CEIST 1 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh conas atá téarmaí an Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007 sáraithe ag Funky Fotos.**<br><br>• **Tá sé in éadan an dlí do ghnólacht éilimh mhíthreoracha a dhéanamh maidir le seirbhísí:**<br>*'Grianghraif priontáilte láithreach'* – Dúirt an cúntóir siopa le Jenny gur lá gnóthach a bhí ann; dá bhrí sin, nach mbeadh na grianghraif réidh go dtí an lá arna mhárach.<br>• **Tá sé in éadan an dlí do ghnólacht éilimh bhréagacha / mhíthreoracha a dhéanamh maidir le praghsanna:**<br>*'100 Grianghraf – €5.99'* – Nuair a tháinig Jenny ar ais an lá arna mhárach, dúradh léi gur €10.99 an costas in ionad €5.99.<br>• **Éilíonn an tAcht go mbeadh faisnéis i bhfógraí cóir agus beacht.**<br>Níor luadh méid na ngrianghraf san fhógra. Ba cheart don siopa na grianghraif 5'x7' a d'iarr Jenny a thabhairt di ag an bpraghas a luadh. | **15m**<br><br>10m<br>(7+3)<br>+<br>5m<br>(4+1) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí ar féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí gníomhú i gcoinne Funky Fotos.**<br><br>• D'fhéadfadh an GNT (mar chéad chéim) glacadh le gealltanas i scríbhinn ó Funky Fotos ina mbeidh pé téarmaí agus coinníollacha a mheasann an GNT a bheith iomchuí a bheith san áireamh e.g. tomhaltóirí a chúiteamh.<br>• D'fhéadfadh an GNT comhairle a chur ar Funky Fotos tagairt a dhéanamh do Threoirlínte GNT um fhógraíocht chuí. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte seo cuidiú le trádálaithe a ndualgais le tomhaltóirí a chomhlíonadh faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí i dtéarmaí phromóisin phraghsanna agus saincheisteanna lena mbaineann.<br>• Tá sé de chumhacht ag GNT pionóis ar an láthair a ghearradh do chionta a bhaineann le taispeáint praghsanna. Tá sé de chumhacht aige dul isteach ar áitreabh gnó agus fianaise a thógáil.<br>• Is féidir gnóthais a sháraíonn dlí na dtomhaltóirí a 'ainmniú agus a náiriú' ar a shuíomh gréasáin (Liosta Cosanta Tomhaltóirí).<br>• Is féidir iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú toirmisc chun stop a chur le siopaí i mbun cleachtas mídhleathach. (athchiontaitheoirí)<br>• Tig leis cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nuair is iomchuí. | **15m**<br><br>10m<br>(7+3)<br>+<br>5m<br>(4+1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Liostaigh trí chúis, seachas coinníollacha oibre, a d'fhéadfadh a bheith mar údar le díospóidí caidrimh thionsclaíoch.**<br><br>• Rátaí pá<br>• Cleachtais oibre nua<br>• Leithcheal – caitheann an fostóir níos measa le hoibrí amháin ná le hoibrí eile<br>• Pinsin<br>• Teidlíochtaí saoire<br>• Dífhostú – fostaí dífhostaithe go héagórach<br>• Iomarcaíochtaí – roghnú éagórach i leith iomarcaíochta, pacáiste iomarcaíochta<br>• Saincheisteanna sannta poist – freagracht tascanna. | **15m**<br><br>10m<br>+3m<br>+2m |
| **(D)** | **Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu:**<br><br>**Ceardchumann:** Is é is Ceardchumann ann eagraíocht a dhéanann ionadaíocht thar ceann oibrithe (fostaithe) ina bplé le fostóirí. Déanann sé idirbheartaíocht le fostóirí chun pá agus coinníollacha oibre níos fearr a fháil dá bhaill agus déanann sé ionadaíocht do bhaill i ndíospóidí trádála.<br><br>**Picéadú:** Is é is picéadú ann, oibrithe atá páirteach i ngníomhaíocht thionsclaíoch (stailc) a thagann le chéile taobh amuigh d'áitreabh fostóra le plaicird ar a bhfuil faisnéis faoina ndíospóid. Caithfidh picéadú a bheith síochánta. | **15m**<br><br>8m (6+2)<br><br><br>7m (5+2) |
| **(E)** | **Mínigh dhá fheidhm atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC)**<br><br>• **Cuireann sé Seirbhís Chomhairleach um Chaidreamh Tionsclaíoch ar fáil**<br>Tugann sé comhairle agus cúnamh d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do cheardchumainn chun caidreamh oibre dearfach a chruthú agus chun fadhbanna a aithint chun díospóidí a chosc.<br>• **Cuireann sé Seirbhís Idir-réitigh ar fáil**<br>Ceaptar oifigeach um chaidreamh tionsclaíoch le hidirghabháil a dhéanamh idir an dá pháirtí i ndíospóid thionsclaíoch chun teacht ar chomhaontú.<br>• **Cuireann sé Coimisinéirí um Chearta ar fáil**<br>Iniúchtar díospóidí a bhaineann le duine amháin/grúpa beag i ndáil le saincheisteanna cosúil le dífhostú éagórach.<br>• **Ullmhaíonn sé Cóid Chleachtais**<br>Rialacha, cleachtais agus nósanna imeachta le leanúint nuair atáthar ag déileáil le fadhbanna / coinbhleacht caidrimh thionsclaíoch.<br>• **Déanann sé taighde**<br>Déanann sé faireachán ar chaidreamh tionsclaíoch. | **15m**<br><br>12m<br>(10+2)<br>+<br>3m<br>(2+1) |

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 2</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>(i) Mínigh cad atá i gceist leis an "earnáil thánaisteach".<br><br>Áirítear san earnáil thánaisteach na tionscail déantúsaíochta agus tógála.<br>Tógann an tionscal déantúsaíochta amhábhair ón earnáil phríomhúil agus próiseálann sí iad ina dtáirgí deiridh, e.g. troscán, ríomhairí, cáis.<br>Áirítear ann gnólachtaí dúchais, cuideachtaí trasnáisiúnta agus gnó na talmhaíochta.<br>Tá baint ag earnáil na tógála le tógáil, e.g. tithe, ospidéil, bóithre.<br>Cuireann sí fostaíocht mhaith ar fáil nuair atá coinníollacha fabhrach.<br><br>(ii) Ainmnigh an dá earnáil eile den gheilleagar.<br><br>An Earnáil Phríomhúil (Tionscal Eastóscach)<br>An Earnáil Threasach (Seirbhísí)</td><td>15m<br><br>5m + 5m<br><br>3m +2m</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Mínigh dhá bhuntáiste atá ann do mhuintir Chill Chainnigh agus don phobal mórthimpeall as Glanbia ctp a bheith lonnaithe ansin.<ul><li>Cruthaíonn sé fostaíocht do mhuintir na háite</li><li>Feabhsaítear an caighdeán maireachtála sa cheantar – caitear an pá go háitiúil</li><li>Seachthairbhí – bunaítear gnólachtaí eile chun seirbhísí a chur ar fáil do Glanbia</li><li>Cothaítear ioncam eile de bharr urraíocht ar imeachtaí áitiúla</li><li>Cothaítear gnó sa cheantar – custaiméirí / soláthraithe Glanbia</li><li>Feabhsaíonn an caighdeán maireachtála d'fheirmeoirí áitiúla.</li></ul>Tabhair ar aird: Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach.<br>Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.</td><td>15m<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3)</td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá ann do Glanbia cpt as a bheith lonnaithe in 14 thír éagsúil.<ul><li>Bonn mór custaiméara</li><li>Díolacháin / brabúis mhéadaithe</li><li>Barainneachtaí Scála</li><li>Rochtain níos tapa ar chustaiméirí.</li></ul></td><td>15m<br><br>8m+7m</td></tr>
<tr><td>(D)</td><td>Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le feidhmiú mar Chuideachta Phoiblí Theoranta (cpt)<ul><li>Níos mó caipitil ar fáil – is féidir tuilleadh scaireanna a eisiúint de réir mar is gá – íosmhéid 7 scairshealbhóirí, níl aon uasmhéid ann</li><li>Dliteanas Teoranta – níl de riosca ag scairshealbhóirí ach an méid a infheistíodh</li><li>Leanúnachas Gnó – ní dhúntar má fhaigheann scairshealbhóir bás</li><li>Is féidir ardchaighdeán bainistíochta a mhealladh trí phá níos airde a íoc</li><li>Poiblíocht laethúil – le feiceáil ar an stocmhalartán.</li></ul></td><td>15m<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh earnáil ghnó na talmhaíochta in Éirinn.**<br><br>• Tá go leor gnóthas ghnó na talmhaíochta in Éirinn beag ar scála domhanda – bíonn sé níos deacra bheith iomaíoch<br>• Bíonn iomaíocht níos mó do chuideachtaí ghnó na talmhaíochta na hÉireann de bharr saorthrádáil i dtíortha AE.<br>• Tugann ollmhargaí móra praghsanna níos ísle dóibh ar a dtáirgí – bíonn sé deacair acu brabach a dhéanamh.<br>• Teastaíonn tuilleadh R & D chun táirgí nua a fhorbairt – an-chostasach.<br>• Imní ar thomhaltóirí maidir le cáilíocht bheatha de bharr scanradh sláinte le déanaí – bia capaill i mburgair, CJD.<br>• Aimsir thaghdach na hÉireann – teip barraí – bíonn tionchar aige ar chuideachtaí ghnó na talmhaíochta.<br>• Tá inrianaitheacht táirge ríthábhachtach anois – costas breise an phacáistithe.<br>• Bagairt táthcheangail ag gnóthais níos mó nó gnóthais eachtracha.<br>• Tig le hathruithe i Reachtaíocht an AE brú breise a chur ar chostais.<br>• D'fhéadfadh treochtaí tomhaltóra athrú – tá margaíocht ríthábhachtach.<br>***Tabhair ar aird**: Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach.*<br>*Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.* | **15m**<br><br>10m<br>(5+5)<br>+<br>5m<br>(3+2) |

| **CEIST 3** | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tarraing Líneghraf:**<br> | **15m**<br><br>Ceann-teideal 3<br><br>Lipéid:<br>Bliain 1<br>Líon fost. 1<br><br>Dhá phointe chearta:<br>5 x 2m<br><br>[Ní gá go mbeidh sé scálaithe ó '0'] |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis an ráta laghdaithe CBL, 9%, d'earnáil na turasóireachta/an fháilteachais.**<br>• Coinníonn sé praghsanna níos ísle – bíonn na praghsanna a íocann custaiméirí i bhfad níos ísle<br>• Meallann rátaí óstáin níos saoire tuilleadh turasóirí chun na hÉireann<br>• Díolacháin / brabúis mhéadaithe – bíonn díolacháin / brabúis mhéadaithe ann de bharr praghsanna níos ísle<br>• Cruthaítear níos mó fostaíochta san earnáil – cruthaítear níos mó post de bharr díolacháin níos airde | **15m**<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach eile a gcuidíonn an Rialtas le gnóthais in Éirinn.**<br>• **Deontais** – tugtar cúnamh deontais do ghnólachtaí nuathionscanta, fairsingiú.<br>• **Bonneagar** – iompar, teileachumarsáid.<br>• **Gníomhaireachtaí rialtais** – Fiontraíocht Éireann, IDA, an Roinn Fiontair, Post agus Nuálaíochta, Solas – cuidíonn siad le gnóthais bunú, fairsingiú agus easpórtáil.<br>• **Cáin chorparáide** ar ráta íseal ar bhrabúis na cuideachta.<br>• **Iasachtaí** le cuideachtaí nuathionscanta le níos lú ná 10 fostaithe, trí Microfinance Ireland (MFI).<br>• Cuidíonn **socruithe pá náisiúnta** le gnóthais costais a rialú.<br>• Cuidíonn sé le **seirbhísí ríthábhachtacha**, e.g. uisce, leictreachas a sholáthar. | **20m**<br><br>2 x 10m<br>(5+5) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Ainmnigh trí cháin, seachas CBL, a bhailíonn an Rialtas.**<br><br>• Cáin Chorparáide<br>• ÍMAT (Cáin ioncaim)<br>• Cáin Ghnóthachan Caipitiúil<br>• Cáin ar Fháltais Chaipitiúla<br>• CCÚT<br>• Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)<br>• Mótarcháin<br>• Dleachtanna Máil agus Custam. | **15m**<br><br>(3 x 5m) |
| **(E)** | **Mínigh an téarma 'fiontar atá faoi úinéireacht an stáit a phríobháidiú'.**<br><br>Is é atá i gceist le príobháidiú, an Rialtas ag díol fiontar faoi úinéireacht an stáit le gnólachtaí príobháideacha.<br>e.g. Aer Lingus, an Crannchur Náisiúnta. | **10m**<br><br>(5m+5m) |

# CUID 2:

| CEIST 4 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí scil/shaintréith fiontraíochta a léirigh Jordan.**<br>• **Cinntitheach** – chinn Jordan a ghnó féin a bhunú tar éis iomarcaíochta<br>• **Nuálach / Cruthaitheach** – chonaic sé deis chun scoil surfála a bhunú<br>• **Duine a thógann riosca** – bhunaigh sé gnó óna chaitheamh aimsire – gan aon chinnteacht go n-éireodh leis<br>• **Réalaíoch** – bhí sé eolach ar theorainneacha a chuid acmhainní féin<br>• **Tionscnaíocht** – lorg sé cúnamh ón mBord Fiontar Contae<br>• **Pleanáil** – thug sé faoi anailís LLDB<br>**Glac le scileanna / tréithe oiriúnacha eile* | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhoinse eile do smaointe nua gnó (seachas caitheamh aimsire).**<br>• **Ransú Smaointe:** Liostaigh a mhéid smaointe agus is féidir, gan teorainneacha ná breith. Is minic a thagann smaoineamh amháin as smaoineamh eile. Tar éis méid ama socraithe, déantar measúnú ar na smaointe agus cuirtear gearrliosta de na smaointe is fearr i dtoll a chéile lena bhforbairt a thuilleadh.<br>• **Taighde agus Forbairt:** Airgead a infheistiú in iarracht chun táirge nua / feabhsaithe a fhorbairt e.g. forbraíonn Samsung gutháin phóca níos fearr. Uaireanta, faightear táirgí éagsúla agus níos rathúla as T & F.<br>• **Aiseolas ó Chustaiméirí:** Taighde Mhargaidh / suirbhéanna / gearáin – cuidíonn siad chun na táirgí a theastaíonn ó thomhaltóirí nó nach maith le tomhaltóirí a fháil amach.<br>• **Infhiontraíocht / moltaí ón bhfoireann:** Feidhmíonn fostaithe mar fhiontraithe agus bíonn smaointe nua nó bealaí nua chun rudaí a dhéanamh acu.<br>• **Teaghlach / Cairde / Líonrú Sóisialta / Pobal:** B'fhéidir go luafadh siad táirgí / seirbhísí ar mhaith leo a cheannach nó nach bhfuil ar fáil sa cheantar ina gcónaíonn siad.<br>• **Iomaitheoirí:** D'fhéadfaí smaointe maidir le táirgí a fheabhsú a fháil ó mhonatóireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí iomaíocha. | **15m**<br><br>10m<br>(7+3)<br>+<br>5m<br>(4+1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh dhá fhoinse fhadtéarmacha i gcomhair maoinithe a d'fhéadfadh Jordan a úsáid chun a ghnó a bhunú.**<br>• **Iasacht / Bintiúr Fadtéarmach** – iasacht fhadtéarmach ó bhanc a chaithfear a aisíoc le hús thar tréimhse fhadtéarmach (e.g. 10 mbliana)<br>• **Deontas** – airgead a chuireann an Rialtas ar fáil trí Bhoird Fiontar Contae do ghnólacht nuathionscanta nach gá a aisíoc<br>• **Caipiteal Úinéara** – Tig le Jordan a airgead iomarcaíochta a úsáid chun a ghnó a bhunú<br>• **Scairchaipiteal / Infheisteoirí** – D'fhéadfadh Jordan infheistíocht a lorg ó dhaoine eile a bheadh mar pháirtúinéirí den chuideachta. | **15m**<br><br>10m<br>(7+3)<br>+<br>5m<br>(4+1) |
| **(D)** | **Mínigh cén fáth ar chóir do Jordan anailís LLBD a dhéanamh.**<br><br>Déanann cuideachta anailís LLDB chun measúnú a dhéanamh ar a:<br>**Láidreachtaí** (Inmheánach) – na tosca a oibríonn go maith sa ghnó agus a thugann buntáiste dó, e.g. táirge maith, fostaithe, gné uathúil dhíolacháin.<br>❖ Is é láidreacht Jordan an t-eolas agus na scileanna surfála atá aige.<br>**Laigí** (Inmheánach) – na tosca is gá a fheabhsú sa ghnó d'fhonn a bheith rathúil. Lagaíonn siad an gnó agus caithfear iad a leigheas chun go n-éireoidh leis e.g. drochbhainistiú.<br>❖ Tá Jordan ar an eolas faoina laigí – teastaíonn meantóireacht agus cúnamh uaidh le margaíocht.<br>**Deiseanna** (Seachtrach) – tosca seachtracha a chuideodh leis an ngnólacht bheith rathúil agus fás, e.g. méadú in ioncam indiúscartha tomhaltóirí, margaí nua, margaíocht inmheánach.<br>❖ Lorgaíonn Jordan cúnamh ó dhaoine seachtracha – an Bord Fiontar Contae.<br>**Bagairtí** (Seachtrach) – tosca seachtracha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le fadhbanna agus a stopfaidh é óna chuspóirí a bhaint amach, e.g. iomaitheoirí nua, cás geilleagrach / cúlú eacnamaíochta.<br>❖ D'fhéadfaí a áireamh i mbagairtí le Jordan, riachtanas um chead pleanála, an cás geilleagrach reatha, reachtaíocht sábháilteachta agus ceachtanna reatha surfála ar thránna in aice láimhe. | **15m**<br><br>4 x 3m<br>+<br>1 mhín-iúchán<br>@ 3m |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an seirbhís mheantóireachta a chuireann an Bord Fiontar Contae ar fáil.**<br><br>Feidhmíonn duine gnó a bhfuil taithí acu mar chomhairleoir le gnó / fiontraí nua i rith na tréimhse tosaigh. Is é atá i gceist anseo labhairt leis an bhfiontraí faoina dtaithí féin, comhairle a chur orthu faoi ghnólacht a bhunú agus a rith agus maoirsiú a dhéanamh ar rith an ghnólachta i ról treorach. | **15m**<br><br>12m<br>+ 3m |

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 5</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Mínigh dhá chineál stíl cheannaireachta.<br><br>Ceannaire uathlathach:<br>• tugtar ceannaire údarásach air chomh maith<br>• is fearr leis a chinntí féin a dhéanamh<br>• ní théann sé i gcomhairle le daoine eile<br>• tugann sé orduithe d'fhostaithe agus bíonn sé ag súil go ngéillfear dó<br>• ní tharmligeann sé freagracht don fhoireann / níl muinín aige as an bhfoireann<br>• ní théann an chumarsáid ach bealach amháin – ón mbarr síos<br>• baintear cuspóirí amach trí bhagairtí, eagla agus údarás.<br><br>Ceannaire Daonlathach:<br>• stíl cheannaireachta níos cuimsithí<br>• tarmligeann sé freagracht / údarás chuig fostaithe / an bhfoireann<br>• téann sé i gcomhairle leis an bhfoireann / éisteann le tuairimí sula ndéantar cinntí<br>• tá muinín aige as fostaithe le bheith freagrach<br>• téann an chumarsáid sa dá threo<br>• áitiú agus spreagadh seachas orduithe a thabhairt.<br><br>Ceannaire Laissez-faire / Saorálach:<br>• stíl cheannaireachta shuaimhneach<br>• tugtar an t-údarás / fhreagracht ar fad don fhoireann<br>• muinín suntasach as na fostaithe<br>• ní bhíonn mórán baint, nó baint ar bith, ag an mbainistíocht leis an bhfoireann<br>• tig le cumarsáid a bheith deacair<br>• oiriúnach do thionscail chruthaitheacha.</td><td>15m<br><br>2m<br>+ 6m<br>(3+3)<br><br>2m<br>+ 5m<br>(3+2)</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Mínigh an chúis a n-úsáidfeadh BestoPesto modhanna baisctháirgthe dá gcuid anlann.<br><br>Baisctháirgeadh: Líon / méid áirithe / teoranta de tháirgí cosúla a tháirgeadh ag an am céanna nó i rith táirgeadh amháin.<br>Déanann BestoPesto anlainn i gcúig bhlas éagsúla.<br>• Feileann baisctháirgeadh dóibh toisc gur féidir leo timpeall 5,000 anlann piobair a dhéanamh i rith amháin. Ansin, dhéanfaí 5,000 anlann miontais sa chéad bhaisc eile. Glactar leis anseo go ndíoltar 5,000 den dá anlann gach seachtain.<br>• Is nithe somheata iad anlainn agus dá bhrí sin tá saol seilfe réasúnta gearr acu, mar sin tá sé níos oiriúnaí ná olltáirgeadh.<br>• Laghdaítear an líon dramhaíola / bíonn an táirgeadh níos éifeachtúla mar nach gá ach an líon a mheastar a dhíolfar sa tréimhse sin a tháirgeadh ag aon am amháin.</td><td>15m<br><br>8m + 7m</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i) Mínigh an téarma 'Rialú Cáilíochta'.**<br><br>Is é is Rialú Cáilíochta, seiceáil go n-úsáidtear na modhanna táirgthe is éifeachtúla lena chinntiú go sásaíonn an táirge deireadh go leanúnach na caighdeáin a leagtar síos le dlí agus a theastaíonn ó chustaiméirí. Má bhíonn córas rialú cáilíochta maith i bhfeidhm is féidir costais a choigilt, gearáin ó custaiméirí a laghdú, cáil a mhéadú agus díolacháin a ardú.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh amháin a d'fhéadfadh BestoPesto a úsáid chun feabhas a chur ar rialú cáilíochta.**<br>• D'fhéadfadh BestoPesto Rialaitheoir Cáilíochta a cheapadh chun gach gné den táirgeadh a mhaoirsiú<br>• D'fhéadfaí an fhoireann a chur faoi oiliúint lena chinntiú go gcoinnítear caighdeáin cháilíochta i gcónaí<br>• Tabhair luach saothair don fhoireann as ardchaighdeáin leanúnacha<br>• Bunaigh Ciorcal Cáilíochta i measc na foirne chun ceisteanna cáilíochta a phlé / réiteach<br>• D'fhéadfadh BestoPesto iarratas a dhéanamh ar theastas ardchaighdeáin (e.g. comhartha Q nó ISO). | **20m**<br><br>10m<br>(5 + 5)<br><br>10m<br>(5 + 5) |
| **(D)** | **Agus dáta an lae inniu á úsáid agat, dréachtaigh an meamram a sheol Maria Ní Chonluain chuig an bhfoireann ag cur in iúl dóibh go mbeadh cruinniú foirne ag teacht aníos.**<br><br>**MEAMRAM**<br>Chuig: An Fhoireann ar fad **(1)**<br>Ó: Maria Ní Chonluain , Bainisteoir **(1)**<br>Dáta: 12 Meitheamh 2014 **(1)**<br>Maidir le: Cruinniú Foirne **(1)**<br><br>Reáchtálfar cruinniú foirne chun ceisteanna um rialú cáilíochta **(1)** a phlé ar an Aoine, an 27 Meitheamh 2014 **(1)** ag tosú ag 9.00 a.m. **(1)** sa seomra comhdhála **(1).**<br><br>Sínithe: Maria Ní Chonluain **(1)**<br>Teideal: Bainisteoir **(1)** | **10m**<br><br>(10 x 1m) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.**<br>• **Is féidir faisnéis a thabhairt agus a thuiscint níos éasca –** is féidir faisnéis a mhíniú chun mearbhall a sheachaint<br>• **Is féidir fadhbanna a réiteach níos éasca –** Cothaíonn cruinnithe duine le duine caidreamh idir daoine agus bíonn sé níos éasca fadhbanna a réiteach<br>• **Is féidir cinntí a dhéanamh níos tapúla** – is féidir cinntí a dhéanamh láithreach duine le duine. D'fhéadfaí vóta a thógáil dá mba ghá<br>• **Is féidir tuairimí a chloisteáil** – ceadaíonn sé do dhaoine tuairimí agus aiseolas a thabhairt | **15m**<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3) |

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 6</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le gnó a leathnú.<ul>
<li>Chun brabúis a mhéadú: Teastaíonn ón bhfiontraí brabúis a mhéadú. De réir mar a fhásann an gnólacht, tig leis úsáid níos éifeachtaí a bhaint as a acmhainní. Tig leis margadh níos leithne a aimsiú chomh maith.</li>
<li>Teacht slán as tubaiste eacnamaíoch: Tá seasamh níos fearr ag gnóthais níos mó teacht slán as tubaistí eacnamaíocha cosúil le cúlú.</li>
<li>Fáil réidh le hiomaíocht B'fhéidir go nglacfadh gnólacht seilbh ar a iomaitheoirí le fáil réidh le hiomaitheoirí agus smacht a fháil ar an margadh.</li>
<li>Riachtanais fhéinmheasa / uaillmhian: teastaíonn ón bhfiontraí an gnólacht is mó ina thionscal a bheith aige – teastaíonn uaidh a bheith ina 'thógálaí impireachta'.</li>
<li>Teicneolaíocht nua a fháil: d'fhéadfadh an gnólacht gnólacht eile a ghabháil chun rochtain a fháil ar theicneolaíocht a bheadh ag an ngnólacht.</li>
<li>Barainneachtaí scála: má thairgtear táirgí ar scála mór íslítear an costas táirgthe in aghaidh an aonaid, e.g. amhábhair níos saoire de bharr ceannach i mbulc, costais fógraíochta scaipthe thar líon earraí níos mó – laghdaítear costais. Tig leo a dtáirgí a dhíol níos saoire agus fanacht iomaíoch.</li>
<li>Éagsúlú: d'fhéadfadh gnólacht táirgí nua a fhorbairt nó dul isteach i margaí nua chun an riosca a scaipeadh agus gan a bheith ag brath ar tháirge / mhargadh amháin.</li>
</ul></td><td>15m<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3)</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Mínigh na ceithre théarma:<br><br>Jabthuairisc: Léirítear <u>mionsonraí an phoist / fholúntais atá le líonadh</u>, lena n-áirítear teideal an phoist, sonraí na hoibre, dualgais agus freagrachtaí an phoist, coinníollacha na fostaíochta agus ionad oibre.<br><br>Duineshonrú: Déantar cur síos anseo ar na <u>cáilíochtaí is ceart go mbeadh ag iarrthóir rathúil don phost</u>. Áireofaí anseo cáilíochtaí acadúla, taithí oibre roimhe seo agus saintréithe agus scileanna pearsanta ábhartha. e.g. le hobair le Glicdhíol, theastódh scileanna margaíochta agus TFC ó dhuine.<br><br>Bónais: Íocaíochtaí breise le fostaithe chun luach saothair a thabhairt dóibh as <u>sprioc ar leith</u> a bhaint amach.<br><br>Sochair Chomhchineáil: <u>Íocaíochtaí neamhphá</u> a dhéantar le fostaithe, go hiondúil mar aon lena bpá / dtuarastal nó mar chuid de phacáiste foriomlán. Áirítear iontu béilí fóirdheontais, carr cuideachta, teileafón saor in aisce, ríomhaire glúine / táibléad saor in aisce, árachas sláinte saor in aisce, ballraíocht i ngiomnáisiam saor in aisce.</td><td>20m<br><br>4 x 5m<br>(3+2)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh an difríocht idir oiliúint 'ar an láthair oibre' agus oiliúint 'lasmuigh den láthair oibre'. Tagair do Glicdhíol i do fhreagra.**<br><br>**Oiliúint ar an láthair oibre:**<br>Is é is ciall leis seo na scileanna agus eolas a theastaíonn don phost a mhúineadh san ionad oibre.<br>e.g.: Bainisteoir Glicdhíol ag taispeáint don fhoireann conas bogearraí a úsáid / scáthfhoghlaim<br><br>**Oiliúint lasmuigh den láthair oibre:**<br>Is é is ciall leis seo go dtarlaíonn an oiliúint eile taobh amuigh den ionad oibre.<br>e.g.: Foireann Glicdhíol á gcur ar chúrsa oiliúna ag láthair sheachtrach. | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(D)** | **Liostaigh dhá mhodh chun folúntais do phoist a fhógairt.**<br>• Nuachtáin náisiúnta / áitiúla<br>• Raidió áitiúil<br>• Ar líne – suíomh gréasáin Facebook / Twitter na cuideachta<br>• Gníomhaireacht earcaíochta / fostaíochta<br>• Spriocearcú<br>• Póstaeir / Fuinneog siopa<br>• Ollscoileanna / Coláistí – bualadh le grúpa mac léinn. | **10m**<br><br>2 x 5m |
| **(E)** | **Ríomh Pá Glan Bliantúil ón eolas a tugadh:**<br><br>**Ollphá:** €60,000 **(2)**<br><br><u>Lúide Asbhaintí:</u><br>**ÍMAT:** 20% de €32,800 = €6,560 **(3)**<br>41% de €27,200 = <u>€11,152</u> **(3)**<br>Oll-ÍMAT Iníoctha = €17,712<br>Lúide Creidmheas Cánach: = <u>(€3,600)</u> **(3)**<br>Glan-ÍMAT Iníoctha = €14,112<br><br>**ÁSPC:** 4% de €60,000 = €2,400 **(3)**<br><br>**MSU:** 3% de €60,000 = <u>€1,800</u> **(3)**<br><u>Iomlán na nAsbhaintí:</u> <u>€18,312</u><br>**Pá Glan Bliantúil:** €41,688 **(3)** | **20m**<br><br>1 x 2m<br>6 x 3m<br><br>***Tabhair faoi deara: Ní mór an obair a thais-peáint*** |

| CEIST 7 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál árachais a d'fhéadfadh a bheith ag muintir Sanders.**<br><br>**Árachas Tí / Foirgnimh:** Tugann sé cúiteamh / cosaint má dhéantar damáiste do struchtúr an fhoirgnimh mar gheall ar thine, tuile nó stoirm.<br>**Árachas Inneachair:** Tugann sé cúiteamh / cosaint in aghaidh chaillteanas nó dhamáiste an inneachair (aon ní a bhfuil luach leis sa teach) de bharr tine, tuile, píopaí pléasctha, gadaithe.<br>**Árachas Mótair:** De réir an dlí, caithfidh muintir Sanders árachas mótair tríú páirtí a bheith acu ar a gcarr. Cosnaíonn sé seo in aghaidh damáiste do dhaoine eile fad is atá siad ag tiomáint. Tig leo árachas tríú páirtí, árachas dóiteáin agus gadaíochta nó árachas cuimsitheach a bheith acu ar a gcarr chomh maith.<br>**Árachas Sláinte:** Clúdaíonn sé na costais a bhaineann le cúram ospidéil agus roinnt billí leighis i gcás timpiste nó breoiteacht thromchúiseach ar aon bhall teaghlaigh. Is iad na príomhsholáthraithe árachas sláinte VHI, Laya, Aviva, Glo Health, HSF Health Plan.<br>**Árachas um Chosaint Morgáiste:** Glanfar an morgáiste má chailltear sealbhóir an mhorgáiste.<br>**ÁSPC Fostaithe:** Caithfear é a íoc de réir an dlí – bíonn an teaghlach i dteideal sochar Breoiteachta, sochar míchumais.<br>**Agus:** Árachas Saoil, árachas peata /Gutháin /taistil, árachas um chosaint ioncaim. | **15m**<br><br>8m(4+4)<br>+<br>7m (4+3) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a n-ullmhódh muintir Sanders Buiséad Teaghlaigh.**<br>• Pleanáil d'ioncam agus caiteachas amach anseo.<br>• Míonna róchaiteachais a aithint agus pleananna gearradh siar a dhéanamh.<br>• Míonna barrachais a aithint agus pleananna a dhéanamh le déileáil le hairgead breise.<br>• Coigiltis a phleanáil – síneadh tí, saoire, carr, etc.<br>• Caiteachas seasta, neamhrialta agus lánroghnach a phleanáil.<br>• Na hamanna a mbeidh breis maoinithe ag teastáil a aithint, e.g. rótharraingt bhainc.<br>• Fadhbanna maidir le sreabhadh airgid a réiteach. | **15m**<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc nach mór do muintir Sanders a chur san áireamh sula dtógann siad amach iasacht bhainc mheántéarmach.**<br>• Cuspóir an mhaoinithe – teastaíonn an dara carr uathu<br>• Costas maoinithe – rátaí úis / aisíocaíochtaí / ráta céatadánach bliantúil.<br>• Fad ama a bhfuil an maoiniú ag teastáil – timpeall 5 bliana<br>• Slándáil / comhthaobhacht a theastaíonn don iasacht<br>• An féidir leo na haisíocaíochtaí a íoc – cuideoidh buiséad sreafa airgid leo<br>• Tiomantais airgeadais eile – tá rótharraingt acu. | **15m**<br><br>8m (4+4)<br>+<br>7m (4+3) |

**(D)** **Mínigh trí ghné a bhaineann le Cuntas Reatha.** **15m**

- Is féidir an cárta ATM / Dochair a úsáid chun airgead a aistarraingt agus chun íocaíochtaí a dhéanamh
- Is féidir rótharraingt bhainc a thógáil a cheadaíonn don sealbhóir cuntais níos mó airgid ná mar atá sa chuntas reatha a aistarraingt
- Is féidir Dochar Díreach agus Orduithe Seasta a úsáid chun íocaíochtaí rialta a dhéanamh ó chuntas reatha amháin go ceann eile / billí a íoc
- Is féidir an cuntas a rochtain agus a bhainistiú ar líne / ar an teileafón
- Tá fáil ar an airgead i gcónaí
- Táille / tobhach bainc iníoctha as an gcuntas a úsáid
- Is féidir seicleabhar a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ó chuntas reatha
- Is féidir pá / tuarastal a íoc go díreach i gcuntas reatha trí Paypath.

6m (3+3)
+
6m (3+3)
+
3m (2+1)

**(E)** **Tabhair breac-chuntas ar chosúlacht <u>amháin</u> agus ar dhifríocht <u>amháin</u> do Linda idir a hoifig a bhainistiú agus a teach féin a bhainistiú.** **15m**

**<u>Cosúlachtaí:</u>**

| | OIFIG | BAILE |
|---|---|---|
| 1 | Pleanálann sí sreabhadh airgid na hoifige | Pleanálann sí buiséad an teaghlaigh |
| 2 | Foinsí maoinithe –gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach (e.g. stoc, trealamh, fairsingiú gnó) | Foinsí maoinithe – gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach (e.g. éadaí, carr, síneadh tí) |
| 3 | Sainaithníonn sí riachtanais árachais e.g. maoin, dliteanas poiblí | Sainaithníonn sí riachtanais árachais e.g. teach agus inneachar, carr |
| 4 | Cinntíonn sí go n-íoctar cáin. e.g. CBL, cáin chorparáide | Cinntíonn sí go n-íoctar cáin. e.g. CCÚT, mótarcháin, cáin ioncaim |
| 5 | Caithfidh sí taifid airgeadais a choinneáil | Caithfidh sí taifid airgeadais a choinneáil |
| 6 | Tarmligeann sí poist don fhoireann | Tarmligeann sí dioscaireachtaí don teaghlach |
| 7 | Pleanáil, eagrú, rialú. | Pleanáil, eagrú, rialú. |

10m
(5+5)

**<u>Difríochtaí:</u>**

- Cineálacha éagsúla cánachais
- Teastaíonn réimse níos leithne clúdach árachais ó ghnólachtaí
- Tá réimse níos leithne foinsí maoinithe ag gnólachtaí
- Scála gníomhaíochtaí i bhfad níos mó i ngnólachtaí
- Gnó faoi réir níos mó reachtaíochta
- Caithfidh gnó taifid airgeadais a choinneáil
- Beidh an gnó faoi réir ardleibhéal reachtaíochta
- D’fhéadfadh fadhbanna acmhainní daonna teacht chun cinn i ngnó
- Cineálacha ar leith saineolas bainistithe ag teastáil i ngnó.

5m (3+2)

| CEIST 8 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Liostaigh dhá mhodh taighde allamuigh a d'fhéadfadh Niamh a úsáid.**<br>• Suirbhé / Ceistneoir • Painéal tomhaltóirí<br>• Agallamh • Breathnóireacht<br>**(ii) Mínigh buntáiste amháin a bhaineann le gach modh díobh.**<br>*[Tabhair ar aird: Buntáiste ar leith do gach ceann. D'fhéadfadh buntáistí an dá mhodh a bheith cosúil.]*<br>**Suirbhé / Ceistneoir**<br>Tig le Niamh a fháil amach ó na freagraí cén chaoi a dtaitneoidh a táirgí nua le custaiméirí.<br>Tig leis spriocmhargadh a aimsiú, más ann dó, dá táirgí<br>Tig leis airgead a shábháil di má thaispeántar ann roimh ré nach beidh aon éileamh ar an táirge.<br>**Agallamh**<br>Duine le duine – tig le Niamh freagairt daoine dá ceisteanna a fheiceáil. D'fhéadfadh aiseolas pearsanta í a chur i dtreo eile.<br>**Painéal Tomhaltóirí**<br>D'fhéadfadh grúpa daoine (grúpa fócais) na táirgí a úsáid agus aiseolas luachmhar a thabhairt do Niamh.<br>**Breathnóireacht**<br>D'fhéadfadh sé seo an chaoi a ritheann táirgeoirí táirgí iomaíocha a ngnó a léiriú. D'fhéadfaí breathnú chomh maith ar fhreagairt tomhaltóirí. | **20m**<br><br>2 x 5m<br><br><br><br>2 x 5m |
| **(B)** | **Mínigh an téarma 'cóimheá airgid a bhaint amach'**<br>Is é is ciall le cóimheá airgid a bhaint amach go dtógann gnólacht dóthain airgid isteach / go bhfuil dóthain díolacháin ag gnólacht chun a chostais ar fad a chlúdach – ní dhéantar brabús ná caillteanas. | **10m**<br><br>10m<br>(7+3) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc nach mór do Niamh a chur san áireamh sula socraíonn sí praghas a cuid táirgí agus a cuid seirbhísí.**<br>• Costas táirgthe / taighde agus forbairt – ní mór costais a ríomh agus a fhorchúiteamh ar feadh shaolré an táirge<br>• Pointe cothroime – an t-íosphraghas chun costais a chlúdach<br>• Sainaithin spriocmhargadh – táthar ag súil le héileamh maith mar sin is féidir praghas níos airde a bhaint amach<br>• Iomaíocht – ní mór praghas a bheith cosúil le praghas iomaitheoirí chun sciar den mhargadh a ghnóthú Caithfidh Niamh cinneadh a dhéanamh an ngearrfaidh sí an praghas céanna nó praghas níos ísle?<br>• Cineál táirge – d'fhéadfadh pacáistiú speisialta a bheith ag teastáil / an mbeidh dáta ar chóir nithe a dhíol fúthu de dhíth?<br>• Coinníollacha geilleagracha / éileamh – gearrtar praghsanna níos airde i ngeilleagar rathúil. | **15m**<br><br><br>10m<br>(7+3)<br>+<br>5m<br>(4+1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Déan cur síos ar dhá mhodh spreagtha díolachán chun díolacháin a mhéadú do Mhadra Mia.**<br><br>• Bronntanais saor in aisce – féadfaidh Niamh bronntanas saor in aisce a thabhairt le gach seirbhís ghrúmaeireachta<br>• Dearbháin phraghasghearrtha – féadfaidh Niamh laghduithe a thabhairt ar an bpraghas do chustaiméirí rialta<br>• Tairiscintí speisialta – ceannaigh ceann amháin, faigh ceann amháin saor in aisce / trí sheirbhís ghrúmaeireachta ar phraghas péire<br>• Comórtais – féadfaidh Niamh comórtas a reáchtáil chun seirbhís / táirgí grúmaeireachta a bhuachan<br>• D'fhéadfadh sí Cártaí Dílseachta / Scéimeanna Dílseachta a úsáid ach theastódh líon mór custaiméirí.<br><br>***[Tabhair ar aird: Ná glac ach le cineál amháin d'aon Mhodh Spreagtha Díolachán]*** | **15m**<br><br>10m<br>(7+3)<br>+<br>5m<br>(4+1) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú.**<br><br>Féadfaidh plean gnó cabhrú le gnóthas<br><br>• Cuspóirí agus spriocanna an ghnólachta a leagan amach go soiléir<br>• Measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht iarbhír leis na spriocanna a leagadh síos<br>• Maoiniú a fháil ó iasachtóirí, a gcaithfear a chur ina luí orthu go n-éireoidh leis an bplean<br>• Infheisteoirí ionchais a mhealladh toisc gur féidir leo an riosca a mheas roimh infheistíocht a dhéanamh<br>• Na hacmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo a aithint<br>• Deacrachtaí amach anseo a fheiceáil roimh ré agus dul i ngleic leo. | **15m**<br><br>12m<br>+<br>3m |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán